

Cad is Gearrchúrsaí ann?

Is comhpháirt nua rognach den churaclam iad na gearrchúrsaí:

- a tháirgíonn níos mó solúbthachta do scoileanna
- a éilíonn 100 uair de rannpháirtíocht scoláire
- a dhíríonn ar fhoghlaim ghníomhach an scoláire
- a ndéantar measúnú orthu trí Mheasúnú Rangbhunaithe
- a dtabharfaidh an scoil tuairisc orthu

Short Course
**A Personal Project:
Caring for Animals**
Level 2
Specification for Junior Cycle Short Course

Short Course
**CSI: Exploring
Forensic Science**
Level 2
Specification for Junior Cycle Short Course

Is féidir sonraíochtaí Gearrchúrsaí a íoslódáil ag www.curriculumonline.ie



Cén áit a bhfaighinn breis eolais?

Tá Treoirínte CFL2 agus sonraíochtaí Gearrchúrsaí Leibhéal 2 ar fáil ag: www.curriculumonline.ie

Tugann an SSM tacaíocht do scoileanna agus do mhúinteoirí CFL2na trí gníomhaíochtaí FGL a éascú agus trí acmhainní teagaisc agus foghlama ar ardchaighdeán a sholáthar. Sna croícheardlanna s'againn cuirtear na CFL2na i láthair agus bíonn an fócas ar a gcur i bhfeidhm. Pléann siad freisin le planáil agus le teagasc na CFL2na.

Cuirfidh an SSM ceardlanna éagsúla rognacha ar fáil freisin i gcásanna ina mbeadh tacacaíocht ar leith de dhíth.

[Chun tuilleadh eolais a fháil:](#)

Sarah Nally
Ceannaire Foirne CFL2na
R-phost: sarah.nally@jct.ie

Ionad Oideachais Mhuineacháin
R-phost: info@jct.ie
Suíomh gréasáin: www.jct.ie
Fón: 047 74008

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE
for teachers

An tSraith
Shóisearach
Eolas ar
Chláir
Foghlama
Leibhéal 2





Intreoir

Tá cosán nua ag an tSraith Sóisearach a riarann ar riachtanais foghlama ar a dtugtar Cláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2nna).

Ceapadh CFL2nna chun oiriúint do shuíomhanna scoil speisialta agus iar-bhunscoileanna príomhshrutha araon.

Tógfaidh na CFL2nna ar fhoghlaim a tharla roimh ré agus tá siad deartha go príomha thart ar 5 Aonad Tosaíochta Foghlama (ATFanna) agus ar dhá ghearrchúrsa a dhíríonn ar na scileanna sóisialta, pearsanta agus réamhghairme a ullmhaíonn scoláirí le haghaidh staidéar breise, le haghaidh na hoibre agus an tsaoil.

Áirítear ar na ATFanna:

Cumarsáid agus Litearthacht

Uimhearthacht

Cúram pearsanta

Ag maireachtáil i bpobal

Ag Ullmhú don obair



Cé?

Dearadh Leibhéal 2 don ghrúpa áirithe scoláirí atá faoi mhíchumas ginearálta foghlama i gcatagóir na míchumas meánach ardfheidhmíochta agus i gcatagóir na míchumas éadrom ísealfheidhmíochta.

Bíonn Plean Oideachais Dalta Aonair dá gcuid féin acu agus is dócha go mbeadh teacht acu ar Thacaíocht Foghlama/Acmhainní i scoileanna príomhshrutha.

Cén fáth?

Tugadh CFL2nna isteach chun oideachas cuimsitheach, réadúil agus tairbheach a chur ar fáil dár gcuid foghlaimoirí uile.

Ní shásaíonn Leibhéal 3 riachtanais ná cumais foghlama uile roinnt de na scoláirí. Is féidir le scoláirí tabhairt faoin tSraith Shóisearach anois ag Leibhéal 2 agus/nó ag Leibhéal 3.

Cathain?

Tugadh isteach Leibhéal 2 sa bhliain 2014. Bronnfar a chéad teastasú in sa bhliain 2017. Bronnfar Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) ar scoláirí a léiríonn cé acu comhpháirteanna den tSraith Shóisearach atá déanta acu agus inar éirigh leo.

Céard?

Cuireann na CFL2nna na scoláirí i dtreo an neamhspleáchais agus tugann an deis dóibh eolas, scileanna agus meonta a fhorbairt atá riachtanach don saol aosach.

Cén áit?

Díríonn na CFL2nna ar fhoghlaim a bhíonn bunaithe ar scileanna agus aistriú na scileanna sin chuig suíomhanna agus eispéiris éagsúla, m.sh. seomraí ranga, scoilphobal, cásanna ón bhfíorshaol.

Áirítear ar na ATFanna

- 1. Cumarsáid agus Litearthacht:** Clúdaíonn sé seo idir mhodhanna briathartha agus neamhbhriathartha chun eolas a fháil agus a thabhairt. Déantar forbairt bhreise freisin ar an léitheoireacht agus ar an scríbhneoireacht.
- 2. Uimhearthacht:** Forbraíonn sé seo feasacht ar phatrúin agus ar ghaoil i gcruth agus in uimhreas chomh maith le scileanna i láimhseáil airgid, meastachán, tomhas agus réiteach fadhbanna.
- 3. Cúram pearsanta:** Pléann sé seo le sláinte agus le folláine, agus clúdaíonn réimsí amhail bia sláintiúil agus stíleanna maireachtála folláine.
- 4. Ag maireachtáil i bpobal:** Forbraíonn scoláirí straitéisí chun comhchaidreamh dearfach a bhunú agus a choimeád le daoine thart timpeall orthu. Clúdaítear freisin cúnaimh agus comhairle a lorg, chomh maith le bheith ábalta coimhlint a láimhseáil.
- 5. Ag ullmhú don obair:** Cabhraíonn sé seo le scoláirí scileanna a fhorbairt chun an t-aistriú a dhéanamh ón scoil go dtí breisoideachas, oiliúint nó fostaíocht.

Bristear na ATFanna ina n-eilimintí, agus gach Eilimint acu sin ag clúdach roinnt Torthaí Foghlama.

Chun teistiúchán iomlán a fháil

Bristear na ATFanna ina n-eilimintí, agus gach Eilimint acu sin ag clúdach réimse Torthaí Foghlama.

Is gá do scoláirí 2 ghearrchúrsa a dhéanamh.

Is measúnú scoilbhunaithe a dhéantar ar na ATFanna.

Cruthóidh scoláirí atá ag dul de na CFL2nna punann fianaise.